

AN INSTITIÚID EORPACH UM CHOMHIONANNAS INSCNE

**EIGE**

**Clár Oibre Meántearma (2010-2012)**

Glactha an 29 Aibreán 2010  
Leagan deireanach

---

# RÉAMHRÁ

Bunaíodh an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne le Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne. Maidir leis na cuspóirí foriomlána nó éifeachtaí fadtéarmacha d’obair EIGE (leibhéal tionchair cuspóirí), sainítear iad sa Rialachán mar:

*Chun cur le cur chun cinn comhionannas inscne agus é a neartú lena n-áirítear príomhshruthú inscne i ngach beartas Pobail agus na beartais náisiúnta a thagann as, agus dul i ngleic le hidirdhealú idir fir agus mná, agus chun feasacht shaoránaigh an AE a mhúscailt ar chomhionannas inscne.*

## DÚSHLÁIN DO NA BLIANTA AMACH ROMHAINN

### Parlaimint na hEorpa agus An Coimisiún Eorpach Athnuaithe

Maidir le hathnuachan Parlaimint na hEorpa in 2009 agus an Choimisiúin Eorpaigh in 2010 cuirfear dúshláin nua ar fáil d’obair na hInstitiúide trí thosaíochtaí nua féideartha a aithint i réimse um chomhionannas inscne. Ar an taobh eile, féadfaidh an athnuachan sin deis iontach a chur ar fáil chun comhar láidir a fhorbairt leis na Feisirí nua de Pharlaimint na hEorpa, le comhaltaí de Choiste FEMM agus coistí agus grúpaí oibre ábhartha eile.

Beidh tionchar ag an gCoimisiún nua, a staid ar agus a huailmhianta maidir le ceisteanna comhionannais idir fir agus mná ar obair EIGE. Beidh tosaíochtaí Choimisiún Barroso II, arna gcur i láthair ag Uachtarán an Choimisiúin, an tUas. J.M. Barroso, curtha san áireamh le linn phleanáil Chláir Oibre Mheántearma agus Bhliantúla.

Agus ceisteanna a bhaineann le comhionannas inscne a fhágáil faoi chúram Coimisinéara nua an Cheartais, na Saoirse agus na Slándála beidh fiordheis ann don todhchaí. Go háirithe, áirítear breathnú ar theacht chun cinn chomhbhánna agus thosaíochtaí an Choimisinéara agus a comh-aireachta.

### Conradh Liospóin

Maidir le tionchar polaitiúil agus praiticiúil Chonradh Liospóin ar bheartais um chomhionannas inscne agus ar obair um chomhionannas inscne a chur i bhfeidhm go praiticiúil, go háirithe maidir le fostaíocht agus comhtháthú sóisialta agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara éagsúla, beidh siad ina fhachtóirí tábhachtacha chun tionchar a imirt ar thosaíochtaí don todhchaí agus ar obair EIGE.

### Géarchéim airgeadais agus eacnamaíochta

Mar atá luaite sa tuarascáil a d’fhoilsigh an Coimisiún in 2009<sup>1</sup>, ‘tá roinnt beart um chomhionannas inscne curtha ar ceal nó tá moill orthu agus tá ciorruithe féideartha sna buiséid phoiblí a d’fhéadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar fhostaíocht ban agus ar chomhionannas a chur chun cinn. Léiríonn na freagairtí polaitiúla a tugadh don chúil eacnamaíochta deis chomh maith le bagairt fhéideartha d’fhostaíocht ban agus do chomhionannas inscne. Tá an baol ann go gcuirfidh an cúlú reatha moill ar dhul chun cinn, nó fiú dul chun cinn a iompú sa treo eile, agus go mbeidh iarmhairtí fadtéarmacha ann d’inbhuanaitheacht an gheilleagair agus na gcóras um choimirce shóisialta, do chuimsiú sóisialta, agus don déimeagrafaíocht.’

---

<sup>1</sup> Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle, Parlaimint na hEorpa, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún: Comhionannas idir fir agus mná — 2010 (SEC(2009) 1706).

Beidh bearta breise ag teastáil mar thoradh ar thionchar an chúlaithe ar chomhionannas idir fir agus mná chun tabhairt faoi bhearnaí inscne, go háirithe maidir le cúrsaí fostaíochta, obair neamhíoctha agus ceisteanna sóisialta. Féachfaidh EIGE le cabhrú leis na hUachtaránachtaí comhleanúnacha chun straitéisí inbhuanaithe a fhorbairt agus a sheoladh don Eoraip Shóisialta agus d'fhás geilleagrach.

## Straitéis nua an Choimisiúin Eorpaigh maidir le comhionannas idir fir agus mná 2011-2015

I lár 2010, seolfar straitéis nua de chuid an Choimisiúin ar obair um chomhionannas inscne. Cuirfidh sé leis an taithí a fuarthas ón bPleanoibre roimhe sin maidir le comhionannas idir fir agus mná (2006-2010) agus aithneoidh sé réimsí tosaíochtaí do ghníomhaíocht agus d'obair ghaolmhar. Molfaidh sé athruithe coincreiteacha chun rialachas a fheabhsú i gcomhionannas inscne mar aon le huirlisí monatóireachta chun dul chun cinn a baineadh amach a thomhas. Cosúil leis an bPleanoibre roimhe sin, cuimseoidh an straitéis mheántéarmach sin bearta ar leith chun comhionannas a chothú mar aon leis an gcur chuige príomhshruthaithe inscne a threisiú, agus beidh sé mar aidhm aige gach réimse a chlúdach de ghníomhaíochtaí agus de bheartais an Choimisiúin. Agus ag cur san áireamh go mba cheart go gcuirfeadh obair EIGE le hobair an Choimisiúin (trí thacaíocht theicniúil agus cúnamh a chur ar fáil i réimsí a shainítear sa Rialachán), cabhróidh comhordú le hArd-Stiúrthóireacht na Fostaíochta, na nGnóthaí Sóisialta agus na gComhdheiseanna agus a Stiúrthóireacht Inscne na réimsí a aithint ina bhfuil gá le rannpháirtíocht EIGE. Tabharfaidh an cheist maidir le foréigean a dhíothú in aghaidh na mban san Aontas Eorpach, ar ar chuir conclúidí an Chomhairle béim uirthi an 8 Márta<sup>2</sup>, gné thábhachtach do ról EIGE chun cabhrú leis an gCoimisiún Eorpach agus na Ballstáit dlús a chur le comhrac níos gníomhaí i gcoinne foréigean ar bhonn inscne trí eolas atá ar fáil a thiomsú, a anailísiú agus a scaipeadh ar fhoréigean in aghaidh na mban. Tabharfaidh EIGE tacaíocht do na hUachtaránachtaí freisin san obair leantach a dhéanfaidh siad ar an Straitéis, lena n-áirítear athnuachan den Chomhaontú Eorpach um Chomhionannas Inscne.

## MÓR-RÉIMSÍ DO 2010-2012

Le linn na tréimhse 2010-2012, díreoidh obair na hInstitiúide ar a áirithiú go gcuirfear críoch go sciobtha le céim bhunú na gníomhaireachta agus ar thús a chur lena clár fairsing de ghníomhaíochtaí oibríochtúla.

Ar dtús, caithfear mórán de na hiarrachtaí ar **leagan amach riaracháin agus oibríochtúla na hInstitiúide** a chríochnú. Seachas an plean bunaíochta a chur i gcrích agus gach príomhcháipéis EIGE a fhorbairt, cuirfidh na gníomhaíochtaí le coinníollacha a bhunú le haghaidh neamhspleáchas riaracháin agus airgeadais a luaithe is féidir. Eagróidh obair ar **chomhlachtaí EIGE** athnuachan théarma oifige an Bhoird Bhainistíochta agus nósanna oibre feidhmithe a fhorbairt dá chéad Fhóram Saineolaithe.

Beidh **tacaíocht do thaighde agus d'obair bheartais na n-institiúidí AE agus na mBallstát** mar dhara mór-réimse don tréimhse mheántéarma. Tá gá le hiarrachtaí móra chun acmhainní cáipéisíochta a chur ar bun a bheidh ar fáil don phobal. Maidir le rochtain ar staitisticí, sonraí agus eolas reatha, múnlaí feidhmithe agus cineálacha cur chuige um príomhshruthú inscne a úsáideann comhlachtaí AE, Ballstáit, eagraíochtaí áitiúla, réigiúnacha agus idirnáisiúnta éagsúla bunófar dúshraith chun tacaíocht agus cúnamh a thabhairt sa réimse amach anseo. Cuirfear tús le réimse leathan oibre eile in 2010 leis na táscairí ó Bhéising trí chabhrú le hUachtaránachtaí AE i bhforbairt na dtáscairí sna réimsí atá fágtha, táscairí reatha a athbhreithniú agus eolas reatha a úsáid.

Díreoidh **réimsí téamacha nó tosaíochta**, an tríú réimse oibre, ar an gcoincheap d'Innéacs um Chomhionannas Inscne AE a dhéanfaidh anailís ar bhearnaí inscne agus a thabharfaidh uirlis do na Ballstáit chun obair um chomhionannas inscne a spreagadh.

---

<sup>2</sup> Comhairle an Aontais Eorpaigh, Conclúidí na Comhairle 6585/10, An Bhruiséil, an 22 Feabhra 2010

Beidh **feasacht a mhúscailt, líonrú agus cumarsáid** mar cheathrú mór-réimse a dhíreoidh ar obair um chomhionannas inscne a dhéanamh infheicthe agus a chruthóidh éileamh ar chomhionannas inscne ag leibhéal éagsúla. Agus é mar chuspóir aige steiréitíopaí inscne a bhriseadh don dá inscne, cruthófar grúpaí tagartha d'iriseoirí agus de shaineolaithe meáin, ceannairí ban, fir mar bhrústocairí agus tógálaithe tuairimí agus forbrófar straitéis chumarsáide sheachtrach EIGE – do mhná agus d'fhir araon. Mar thús, díreoidh an réimse ar an nglúin is óige agus ar steiréitíopaí inscne a bhriseadh don dá inscne, atá mar thosaíocht eile do Phleanoibre an Choimisiúin um chomhionannas inscne agus a bheidh mar thosaíocht do na hUachtaránachtaí a bheidh le teacht.

Éascóidh **idirphlé agus comhpháirtíocht** bunú na hInstitiúide mar ghníomhaí éifeachtach agus gairmiúil um chomhionannas inscne. Le linn na tréimhse 2010-2012, tosóidh iarrachtaí ar líonraí agus cineálacha comhair leis na príomhpháirtithe leasmhara a fhorbairt chun dúbláil a sheachaint agus chun sineirgí a chruthú. Tabharfaidh gníomhaíochtaí faoin mór-réimse sin spreagadh do bhunú an Líonra Eorpaigh um Chomhionannas Inscne.

# CLÁR ÁBHAIR

- 1 CUR CHUIGE AGUS MODHANNA FEIDHMIÚCHÁIN
  - 1.1 PLEANÁIL BEART ATÁ DÍRITHE AR THORTHAÍ
  - 1.2 BAINISTÍOCHT RIOSCA AGUS CAIGHDEÁIN RIALAITHE INMHEÁNACHA
  - 1.3 RÉIMSÍ INNIÚLACHTA
  - 1.4 CUR CHUIGE FEIDHMIÚCHÁIN SAN EIGE
- 2 CLÁR OIBRE 2010-2012
  - 2.1 MÓR-RÉIMSE 1: BUNÚ INSTITIÚIDEACH NA HINSTITIÚIDE
    - 2.1.1 Neamhspleáchas riaracháin agus airgeadais a chinntiú
    - 2.1.2 Comhlachtaí EIGE
  - 2.2 MÓR-RÉIMSE 2: TACAÍOCHT DO THAIGHDE AGUS D’OBAIR BHEARTAIS NA NINSTITIÚIDÍ AE AGUS NA MBALLSTÁT
    - 2.2.1 Sonraí, staitisticí agus táscairí iontaofa a fhorbairt
    - 2.2.2 Uirlisí agus modhanna um príomhshruthú inscne a fhorbairt
    - 2.2.3 Dea-chleachtais a thiomsú, a dhoiciméadú agus a scaipeadh
  - 2.3 MÓR-RÉIMSE 3: RÉIMSÍ TÉAMACHA NÓ TOSAÍOCHTA
    - 2.3.1 Innéacs um Chomhionannas Inscne AE
  - 2.4 MÓR-RÉIMSE 4: FEASACHT A MHÚSCAILT, LÍONRÚ AGUS CUMARSÁID
    - 2.4.1 Buneolas ar an Institiúid do shaoránaigh AE agus do spriocghrúpaí éagsúla
    - 2.4.2 Eolas iontaofa agus uileghabhálach a fhorbairt
    - 2.4.3 Steiréitíopaí inscne a bhriseadh
  - 2.5 MÓR-RÉIMSE 5: IDIRPHLÉ AGUS COMHPHÁIRTÍOCHT
    - 2.5.1 Líonra Eorpach um Chomhionannas Inscne a bhunú
    - 2.5.2 Páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe
- 3 MONATÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ
  - 3.1 MONATÓIREACHT AR FHEIDHMIÚCHÁN
  - 3.2 TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
  - 3.3 MEASÚNÚ

# 1 CUR CHUIGE AGUS MODHANNA FEIDHMIÚCHÁIN

## 1.1 PLEANÁIL BEART ATÁ DÍRITHE AR THORTHAÍ

Ag leanúint phrionsabal an chur chuige atá dírithe ar thorthaí maidir le pleanáil, cur i bhfeidhm, cuntas a thabhairt agus monatóireacht a dhéanamh ar oibríochtaí agus gníomhaíochtaí de chuid na hInstitiúide, tá an Clár Oibre bunaithe ar an modh aitheanta de Bhainistíocht atá Bunaithe ar Thorthaí (BBT).

Bunóidh sé iarbhír an obair ar shlabhra na dtorthaí (tionchar-torthaí-aschur-ionchur). Is é sin le rá, chun cur leis na cuspóirí foriomlána, cuirfidh réimsí oibre ar leith agus coincréiteacha torthaí intomhaiste nó éachtaí ó mheon meántearma ar fáil. Cuirfear ar fáil iad (nó bainfear amach iad) trí chineálacha aschuir nó torthaí láithreacha ó ghníomhaíochtaí coincréiteacha agus cineálacha ionchuir a dhéanfar sna réimsí oibre ar leith.

Chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn, forbrófar táscairí ag gach leibhéal a mbunófar na sonraí bunúsacha lena n-aghaidh sa chéad bhliain oibre. Tá sé tábhachtach a léiriú nach bhforbrófar táscairí ag leibhéal tionchair ach amháin tar éis meastóireacht ex ante a dhéanamh a bhaileoidh eolas chun athruithe ar an tsochaí agus sa timpeallacht sheachtrach a thomhas.

## 1.2 BAINISTÍOCHT RIOSCA AGUS CAIGHDEÁIN RIALAITHE INMHEÁNACHA

Le linn na chéad chúpla bliain dá oibriúchán, agus go háirithe nuair a earcófar foireann nua, déanfaidh EIGE anailís ar gach riosca inmheánach agus seachtrach a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a chuid oibriúchán. Forbróidh sé córas um bainistíocht riosca éifeachtach níos deireanaí. Comhtháthófar na réitigh agus na bearta sna Caighdeáin Rialaithe Inmheánacha.

## 1.3 RÉIMSÍ INNIÚLACHTA

I gcomhréir leis an Rialachán<sup>3</sup>, ní mór don Institiúid a tascanna a chur i gcrích laistigh d'inniúlachtaí an AE i bhfianaise na gcuspoirí glactha agus na réimsí tosaíochta aitheanta ina chlár bliantúil. Ní mór do chlár oibre na hInstitiúide a bheith ar aon dul le tosaíochtaí an AE i gcomhionannas inscne agus ar aon dul le clár oibre an Choimisiúin, lena n-áirítear an obair staitistiúil agus taighde.

## 1.4 CUR CHUIGE FEIDHMIÚCHÁIN SAN EIGE

### 1.4.1 Comhchuidiú leis na cuspóirí

Chun na dúshláin a leagadh amach sa Rialachán a bhaint amach, ní mór go mbeadh eagraíocht ag an Institiúid atá struchtúrtha go maith agus fíordhírthe, atá an-solúbtha agus faoi réir na timpeallachta atá ag athrú. Chun a éifeachtúlacht oibríochtúil a bharrfheabhsú agus chun forbairt inniúlachta inmheánaigh agus foghlaim a spreagadh, beartaítear eagraíocht bhuan de dhá aonad a chur i bhfeidhm.

Cuirfidh an t-aonad Riaracháin, a bhainfidh amach bainistíocht airgeadais agus riaracháin éifeachtach na hInstitiúide den chuid is mó, leis an bpróiseas de mhonatóireacht ar chuspóirí a bhaint amach freisin agus páirt a ghlacadh i gníomhaíochtaí cumarsáide na hInstitiúide.

Beidh ceithre fhoireann san aonad Oibríochtaí a thacóidh le chéile trí inniúlacht speisialta gach foirne, chun cur le toradh comhdhlúite dá réir. A mhéid is féidir, beidh saineolaí sinsearach mar cheannaire ar na foirne a dhéanfaidh obair na foirne a chomhordú agus a bheidh gafa le monatóireacht ar athrú.

---

<sup>3</sup> Rialachán (CE) Uimh 1922/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 20 Nollaig 2006 maidir le bunú Institiúid Eorpaigh um Chomhionannas Inscne, <http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=OJ:L:2006:403:0009:0017:EN:PDF>

Cabhróidh an *fhoireann Modhanna agus uirlisí* leis na foirne eile chun mórfhianaise a fhorbairt agus a chur ar fáil le húsáid chun bunús a thabhairt leis an obair, an t-eolas a mhíniú agus a chur i láthair ar bhealach éasca le tuiscint, agus forbairt a dhéanamh ar fhoireann uirlisí um príomhshruthú inscne agus ar lámhleabhair chun eolas a scaipeadh go himhneánach, ar fud ranna AE éagsúla agus institiúidí agus go seachtrach, sna Ballstáit, sna gníomhaireachtaí agus sna páirtithe leasmhara ábhartha eile.

Oibreoidh an *fhoireann um réimsí Téamacha/Tosaíochta* leis na ceisteanna agus na fadhbanna ar leith sna réimsí roghnaithe, a roghnóidh comhlachtaí na hInstitiúide nó a iarrfaidh na páirtithe leasmhara. Beidh an fhoireann sin ag comhoibriú leis na foirne eile chun na torthaí a fhoilsiú, a scaipeadh agus a chur i láthair do na húsáideoirí deiridh.

Oibreoidh an *fhoireann um Chumarsáid agus um fheasacht a mhúscailt* le foirne eile agus cabhróidh sí leo na ceisteanna agus na teachtaireachtaí atá le hinsint, na spriocghrúpaí agus na modhanna cumarsáide a aithint. Cabhróidh siad leis na foirne eile preaseisiúintí agus ábhair láithreoireachta don ghréasán agus foilseacháin a sholáthar, mar aon le feachtais phleanála.

Beidh an *fhoireann Líonraithe agus páirtithe leasmhara* ag comhoibriú leis na foirne eile chun an t-aiseolas agus an t-eolas a phróiseáil, seimineáir agus cruinnithe comhcheime a phleanáil agus a eagrú ar cheisteanna ar leith agus na cainéil a fhorbairt chun torthaí, taighde agus foilseacháin a scaipeadh.

#### 1.4.2 Scaipeadh eolais a bheith mar chuid dhílis de gach gníomhaíocht

Léiríonn taithí a fuair mórán gníomhairí agus eagraíochtaí a oibríonn i gcomhionannas inscne go gcuirtear acmhainní suntasacha amú i ndúbláil, múnlaí agus uirlisí a fhorbairt, agus sonraí agus staitisticí a bhailiú. Tagann an cur amú seo as drochscaipeadh nó as rochtain teoranta ábhair d'úsáideoirí ábhartha. Chun acmhainní coitianta a chaipitliú agus chun scaipeadh acmhainní reatha a éascú, pleanálfaidh EIGE gach beart gníomhaíochta agus comhtháthóidh sé iad uile chun eolas agus torthaí a scaipeadh go himhneánach agus go seachtrach.

#### 1.4.3 Comhairliú agus comhar le gach páirtí leasmhar agus comhpháirtí

Chun sineirgí a bhaint amach agus tionchair a bharrfheabhsú, rachaidh an Institiúid i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara chun fáil amach an bhfuil suim acu i bpáirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí nó in imeachtaí ar leith, nó comhstaidéar, taighde nó aon ghníomhaíocht eile a eagrú. Chuige sin, pleanálfar cruinnithe rialta i measc nithe eile le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún, go háirithe le hArd-Stiúrthóireacht na Fostaíochta, na nGnóthaí Sóisialta agus na gComhdhiseanna, Ballstáit agus eagraíochtaí agus comhpháirtithe eile, lena n-áirítear Comhairle na hEorpa agus comhlachtaí agus gníomhaireachtaí iomchuí de chuid na Náisiún Aontaithe, chun an plean gníomhaíochta a thabhairt cothrom le dáta agus a chur in oiriúint faoin gClár.

Chun dúbláil a sheachaint agus chun an úsáid is fearr is féidir a chinntiú d'acmhainní oibreoidh an Institiúid, mar a fhoráiltear sa Rialachán, go dlúth leis an bhForas Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna agus Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha.

#### 1.4.4 Rannpháirtíocht na mBallstát trí shaineolaithe náisiúnta a thabhairt ar iasacht

Maidir le réimsí ar leith spéise nó iarratais ar thaighde speisialta agus modhanna le forbairt lasmuigh de réimsí an Chláir Oibre, féadfaidh an Bord Bainistíochta forálacha a ghlacadh chun saineolaithe náisiúnta ó Bhallstáit a bheith ar iasacht don Institiúid.

## 2 CLÁR OIBRE 2010-2012

Chun cur leis na cuspóirí foriomlána a bhaint amach, eagróidh an Institiúid a cuid oibre thart ar réimsí gníomhaíochta roghnaithe, chun torthaí a chur ar fáil (torthaí meántéarmacha). Pleanálfar torthaí coinchréiteacha agus láithreacha (aschuir) agus cuirfear i láthair iad sa Chlár Oibre Bliantúil. Moltar táscairí aschuir i ngach réimse gníomhaíochta chun fráma a fhorbairt don mhonatóireacht agus measúnú de dhul chun cinn amach anseo.

Tá nasc idir na tascanna atá leagtha síos sa Rialachán agus na réimsí ábhartha in obair EIGE agus léirítear anseo thíos iad.

### 2.1 MÓR-RÉIMSE 1: BUNÚ INSTITIÚIDEACH NA HINSTITIÚIDE

**Aschur ionchais** nó toradh meántéarmach den réimse gníomhaíochta (don tréimhse 2010-2012):

**An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne – gníomhaireacht AE éifeachtach, inniúil i gcomhionannas inscne a chur chun cinn**

#### 2.1.1 Neamhspleáchas riaracháin agus airgeadais a chinntiú

*Aschur den ghníomhaíocht: EIGE ag feidhmiú go hiomlán mar chomhlacht neamhspleách AE*

Beidh an réimse gníomhaíochta sin tugtha chun críche faoi 2012, nuair a earcófar an fhoireann uile agus nuair a fhorbróidh an Institiúid na córais riaracháin agus airgeadais riachtanach le bheith go hiomlán oibríochtúil agus neamhspleách. Chun bunús a thabhairt le dul chun cinn monatóireachta agus measúnaithe, coimisiúnófar measúnú ex-ante le linn an dara ceathrú de 2010, agus tá measúnú eatramhach pleanáilte in 2012.

Faoi dheireadh 2012, táthar ag súil go mbeidh forbairt déanta ag EIGE ar a chumas cúnamh gairmiúil a chur ar fáil i réimse um chomhionannas inscne d'úsáideoirí agus do chomhpháirtithe.

Agus garsprioc thábhachtach in EIGE a bhunú, tá oscailt oifigiúil pleanáilte i mBealtaine-Meitheamh 2010 ar an lá a gheobhaidh an Institiúid neamhspleáchas iomlán riaracháin agus airgeadais.

*Táscairí aschuir:* Ócáid oifigiúil chun oibríochtaí EIGE a sheoladh roimh dheireadh an dara ceathrú de 2010; plean bunaíochta curtha i gcrích faoi 2011; líon páipéar, taighde agus foilseachán; éileamh níos mó ar sheirbhísí EIGE; líon iarratas freagartha ar bhealach gairmiúil; méadú ar líon na dtascanna iarrtha agus seolta.

#### 2.1.2 Comhlachtaí EIGE

Aschur den ghníomhaíocht: **Comhlachtaí na gníomhaireachta: éifeachtach agus oibríochtúil**

**An Bord Bainistíochta**

Mar a fhoráiltear sa Rialachán, *déanfaidh an Bord Bainistíochta na cinntí a bheidh riachtanach chun an Institiúid a fheidhmiú. Go háirithe, déanfaidh sé an méid seo a leanas:*

- *glacfaidh sé an clár oibre bliantúil agus an clár oibre meántéarmach,*
- *glacfaidh sé an tuarascáil bhliantúil agus cuirfidh sé na torthaí a baineadh amach i gcomparáid le cuspóirí an chláir oibre bhliantúil go háirithe;*
- *feidhmeoidh sé údarás araíonachta ar an Stiúrthóir agus ceapfaidh sé nó dífhostóidh sé é nó í;*
- *glacfaidh sé dréachtbhuiséid agus buiséid dheireanacha na hInstitiúide.*

Glacfaidh an Bord Bainistíochta rialacha inmheánacha na hInstitiúide agus a rialacha nós imeachta.

Ar an ngníomhaíocht sin, eagrófar cruinnithe de chuid an Bhoird Bhainistíochta agus de chuid an Fhóraithe Saineolaithe.



I mBealtaine 2010, tionólfar rothlú de Bhallstáit agus cuirfidh an Bord Bainistíocht tús lena théarma oifige nua trí Chathaoirleach agus Leaschathaoirleach a thoghadh. Le linn an Chláir Oibre Lár Téarma glacfaidh an Bord Bainistíochta gach príomhcháipéis de chuid na hInstitiúide, i.e. a Chláir Oibre Bhliantúla, buiséid bhliantúla, Rialacha Inmheánacha, Forálacha Feidhmiúcháin do Rialacháin na Foirne agus gach riail agus treoirlíne ábhartha eile.

#### **Fóram Saineolaithe**

Mar a fhoráiltear sa Rialachán, bainfear an méid seo a leanas le ról an Fhóraithe Saineolaithe:

- *tacú leis an Stiúrthóir chun barrfeabhais agus neamhspleáchas ghníomhaíochtaí na hInstitiúide a chinntiú.*
- *meicníocht a chomhdhéanamh chun eolas a mhalartú i ndáil le ceistanna um chomhionannas inscne agus eolas a chomhroinnt. Cinnteoidh sé garchomhar idir an Institiúid agus comhlachtaí inniúla sna Ballstáit.*

Seolfaidh an Fóram Saineolaithe, a bunaíodh i Nollaig 2009, a chéad dá ghrúpa oibre in 2010 agus forbróidh sé a chuid modhanna oibre agus bealaí chun comhairle a chur ar fáil ar réimsí taighde, staidéir agus staidéir féidearthachta amach anseo. Cuirfear tús le hobair freisin ar na cainéil chearta chun eolas a scaipeadh ar na Ballstáit, comhpháirtithe sóisialta agus comhpháirtithe eile lena mbaineann. Cinnfear an bhaint a bheidh ag an bhFóram Saineolaithe i bhfeachtais, cruinnithe comhcheime agus seimineáir le linn don Chlár Oibre Meántearma a chur i bhfeidhm.

*Táscairí aschuir:* Bord Bainistíochta nua ag feidhmiú roimh dheireadh an dara ceathrú de 2010; Rialacha Inmheánacha de EIGE, Clár Oibre Bliantúil do 2010, Clár Oibre Meántearma do 2010-2012, Forálacha Feidhmiúcháin atá fanta do Rialacháin Foirne glactha roimh dheireadh 2010; grúpaí oibre de chomhaltaí an Fhóraithe Saineolaithe bunaithe le linn 2010-2011; na chéad mholtaí ar réimsí taighde faoi lár 2011.

## **2.2 MÓR-RÉIMSE 2: TACAÍOCHT DO THAIGHDE AGUS D’OBAIR BHEARTAIS NA NINSTITIÚIDÍ AE AGUS NA MBALLSTÁT**

**Aschur ionchais** nó toradh fadtéarmach den réimse gníomhaíochta (tréimhse 2010-2012):

**Modhanna agus uirlisí éifeachtacha ar fáil chun obair um chomhionannas inscne a chur chun cinn agus peirspictíocht inscne a phríomhshruthú i mbeartais agus beartais a chur i bhfeidhm go praiticiúil.**

Níl infheictheacht um chomhionannas idir fir agus mná féideartha gan eolas ar leith inscne. Ní mór go mbeadh an t-eolas sin faoi réir anailíse agus léirmhínte agus ní mór go mbeadh freagraí curtha ar fáil maidir le hógaireacht do chaidreamh inscne i gcomhthéacsanna éagsúla cultúrtha agus sochaíoch. Ní mór dó díriú ar chonstaicí faoi cheilt maidir le comhionannas idir fir agus mná agus féidearthachtaí d’idirdealú díreach nó indíreach de mhná nó d’fhir i ngach cáilíocht saolta.

Bíonn éagsúlacht i mbeartais agus a nósanna feidhmiúcháin sna Ballstáit. Baineann an rud céanna sa phróiseas chun sonraí a thuairisciú agus a thiomsú chun mórfhianaise a sholáthar sa chaoi agus gur féidir conclúidí a bhaint as. Maidir leis na comhlachtaí AE éagsúla a fheidhmiú i ndáil le peirspictíocht de mhná agus d’fhir a phríomhshruthú i mbeartais éagsúla agus a fhorfheidhmiúcháin praiticiúil, níl sé éasca a thomhas. Ní mór uirlisí agus modhanna praiticiúla a bheith struchtúrtha agus feabhsaithe.

Mar a fhoráiltear sa Rialachán, déanfaidh EIGE an méid seo a leanas:

- *eolas ábhartha, cuspóireach, inchomparáide agus iontaofa a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh maidir le comhionannas inscne, lena n-áireofar torthaí ó thaighde agus dea-chleachtas a chuirfidh Ballstáit, institiúidí Pobail, ionaid taighde, comhlachtaí um chomhionannas náisiúnta, eagraíochtaí neamhrialtasacha, comhpháirtithe sóisialta, tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha, agus réimsí le haghaidh taighde breise a mholadh;*
- *modhanna a fhorbairt chun cuspóireacht, inchomparáideacht agus iontaofacht sonraí a fheabhsú ag leibhéal Eorpach trí chritéir a bhunú a chuirfidh feabhas ar chomhréireacht eolais agus ceisteanna inscne a chur san áireamh agus sonraí á mbailiú;*

*Táscairí leibhéal aschuir:* sonraí inscne reatha agus eolas a rangú faoin tríú ceathrú de 2011; dea-chleachtas a chur i láthair faoi Nollaig 2011; líon tíortha gafa le comhar déthaobhach faoi dheireadh 2012.

### 2.2.1 Sonraí, staitisticí agus táscairí iontaofa a fhorbairt

*Aschur den ghníomhaíocht* nó toradh fadtéarmach den réimse gníomhaíochta (tréimhse 2010-2012): **Sonraí cuspóireacha, inchomparáideacha agus iontaofa ar fáil le haghaidh anailís inscne agus obair chomhionannais**

Bainfidh an réimse seo le sonraí agus staitisticí reatha a bhailiú, a anailísiú agus a léirmhíniú. Clúdóidh sé freisin táscairí reatha agus sonraí bailithe a chomhchuibhiú, táscairí reatha a fheabhsú, agus inniúlacht staitistiúil na gcomhlachtaí AE agus páirtithe leasmhara eile i réimsí nua a threisiú. Cinnfear bealaí d'fhorbairt bhreise a dhéanamh ar tháscairí reatha agus úsáid níos córasaí de tháscairí a chur chun cinn ó Bhallstáit agus úsáideoirí eile.

Cuirfidh an Institiúid úsáid na dtáscairí agus sonraí ábhartha chun cinn, agus cinnteoidh sí scaipeadh forleathan de shonraí agus eolas staitistiúil do gach úsáideoir. Chuige sin, forbrófar foilseacháin ar dhea-chleachtais in anailísiú, léirmhíniú, agus sonraí agus eolas a bhailiú sna hinstitiúidí agus sna heagraíochtaí sochaí shibhialta.

Chun úsáid a bhaint as sonraí agus eolas reatha agus chun cur leis an ngné inscne de shuirbhéanna ina bhfuil taighde in easnamh nó easpa taighde ann, bunófar comhar le Eurostat, comhlachtaí náisiúnta staitisticí agus institiúidí taighde acadúla.

Chuir Uachtaránacht AE na Sualainne agus Uachtaránacht AE na Spáinne, Ballstáit indibhidiúla agus eagraíochtaí neamhrialtasacha éagsúla béim ar an ngá atá le dul i ngleic le foréigean ar bhonn inscne agus le heolas a bhailiú agus a scaipeadh ar mhodhanna éifeachtacha agus cleachtais chun deireadh a chur le foréigean in aghaidh na mban. Beidh tuairisciú ar dhul chun cinn maidir le dul i ngleic le foréigean ar bhonn inscne i gcomhthéacs obair Bhéising Pfa agus CEDAW<sup>4</sup>, go háirithe i dtáscairí nua a athbhreithniú agus a fhorbairt, mar chuid d'obair EIGE. I gcomhthéacs an chreata beartais ar fhoréigean ar bhonn inscne lenar thug an Chomhairle cuireadh don Choimisiún a chur i láthair (féach fonóta 2 thuas) agus ina mbeidh na chéad chéimeanna chun an Fhaireachlann Eorpach ar Fhoréigean in aghaidh na mBan a bhunú, beidh EIGE gafa le sonraí inchomparáideacha agus uileghabhálacha agus eolas ar fhoréigean in aghaidh na mBan a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh, agus dea-chleachtais a chosc a bhailiú agus a mhalartú agus íospartaigh a chosaint. Cabhróidh obair leis an bhforbairt ar mhodhanna agus ionstraimí a bhain le sonraí a chomhchuibhiú gnáthchritéir a réiteach chun an dul chun cinn a thuairisciú agus a mheas agus tabharfaidh an obair sin staidéir is deireanaí atá ar fáil agus eolas sa réimse do na Ballstáit.

<sup>4</sup> Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh Ban a Dhíothú (CEDAW)

Seolfar obair ullmhúcháin lena mbaineann sonraí agus staitisticí reatha in 2010. Bainfidh sé sin go háirithe le tacaíocht theicniúil a chur ar fáil don Chomhairle i bhfeidhmiúchán agus obair leantach Chlár Oibre le haghaidh Gníomhaíochta Bhéising agus na táscairí a scaipeadh agus a thabhairt cothrom le dáta. In 2011, déanfaidh EIGE obair ullmhúcháin chun táscairí a mholadh sna réimsí criticiúla inní.

Baineann táscairí i naoi gcinn de na réimsí criticiúla inní de chuid Chlár Oibre le haghaidh Gníomhaíochta Bhéising<sup>5</sup>. Níl sonraí ar fáil do gach táscaire, agus fiú nuair a bhíonn sé ar fáil, ní gá go mbeadh sonraí scaipthe agus anailísithe ar bhealach sofheicthe. Le linn na tréimhse 2010-2012, pleanálfadh EIGE gníomhaíochtaí agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad a mhéadóidh úsáideacht agus infheictheacht na dtáscairí ina láithreán Gréasáin.

Agus é bunaithe ar tháscairí reatha a athbhreithniú, a dhéanfar in 2010, beidh EIGE in ann comhairle a chur ar fáil faoi tháscairí reatha a thabhairt cothrom le dáta agus iad a fheabhsú.

Sa dara céim (ó 2011 ar aghaidh), cuirfidh an Institiúid le hobair na Comhairle ar tháscairí a shainmhíniú trí thuarascálacha agus sonraí a ullmhú i réimsí criticiúla inní de chuid Chlár Oibre le haghaidh Gníomhaíochta Bhéising a bheidh le clúdach ag an gComhairle.

I gcomhthéacs na dtascanna a mholtar, d'fhéadfaí grúpa oibre ina mbeadh comhaltaí ó Fhóram Saineolaithe na hInstitiúide agus líonaineolaithe sa réimse a bhunú chun cabhrú le EIGE sa chúram sin.

Chun tacú leis na hUachtaránachtaí comhleanúnacha cabhróidh EIGE le táscairí agus eolas tagarmharcála a fhorbairt.

Lorgófar sineirgí leis an bhForas Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha.

Ina theannta sin, pléifear comhar le roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta cosúil leis na Náisiúin Aontaithe, an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta agus an Banc Domhanda chun sonraí a mhalartú, táscairí, agus eolas a anailísú agus a scaipeadh. Rachfar i dteagmháil le húdarais réigiúnacha agus áitiúla – mar aon le hinscne agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ban sna Ballstáit – chun a gcuid leibhéil spéise, foinsí sonraí agus tairgí reatha a chinntiú.

Scaipfear an t-eolas:

- (i) ar fhoirne na hInstitiúide chun iad a chur ar a gcumas na fíricí agus an fhianaise riachtanach a úsáid ina gcuid oibre,
- (ii) ar an gCoimisiún chun tacaíocht theicniúil a chur ar fáil,
- (iii) ar an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus ar Choiste na Réigiún,
- (iv) ar na Ballstáit agus comhlachtaí náisiúnta ábhartha
- (v) ar an gComhairle agus ar Pharlaimint na hEorpa chun na hacmhainní reatha a chur i láthair agus chun úsáid sonraí inscne agus staitisticí a spreagadh, go háirithe táscairí ó Bhéising,
- (vi) ar chomhpháirtithe agus údarais réigiúnacha/áitiúla eile chun tacú lena gcuid oibre agus chun úsáid na staitisticí a chur chun cinn, agus
- (vii) ar gach úsáideoir eile chun ceisteanna a fhreagairt agus chun mórfhianaise agus fianaise iontaofa a chur ar fáil le haghaidh díospóireachtaí nó plé ar chomhionannas inscne.

*Táscairí leibhéal aschuir:* comhar le Eurostat agus hArd-Stiúrthóireacht na Fostaíochta, na nGnóthaí Sóisialta agus na gComhdheiseanna oibrithe amach roimh dheireadh an dara ceathrú de 2010; comhar le gach institiúid taighde agus acadúil ábhartha agus tairgeoir sonraí agus eolais bunaithe faoi dheireadh 2012; sonraí agus eolas inscne reatha rangaithe faoi Shamhain 2011; obair le táscairí Bhéising seolta faoi 2010; dea-chleachtais foilsithe faoi 2012.

---

<sup>5</sup> Le haghaidh liosta na dtáscairí agus na nasc chuig conclúidí agus tuarascálacha na Comhairle a fheiceáil, féach ar: <http://ec.europa.eu/social/BlobServlet?docId=3682&langId=en>

## 2.2.2 Uirlisí agus modhanna um príomhshruthú inscne a fhorbairt

*Aschur den ghníomhaíocht* nó toradh fadtéarmach den réimse gníomhaíochta (tréimhse 2010-2012):  
**Uirlisí praiticiúla éifeachtacha chun tacú le príomhshruthú inscne atá ar fáil d'úsáideoirí**

Mar a luaitear sa Rialachán, déanfaidh EIGE an méid seo a leanas:

- *uirlisí modheolaíocha a fhorbairt, a anailísiú, a mheas agus a scaipeadh chun tacú le comhionannas inscne a chomhtháthú i ngach beartas Pobail agus na beartais náisiúnta a thagann as agus chun tacú le príomhshruthú inscne i ngach institiúid agus comhlacht Pobail;*
- *eolas a chur ar fáil d'Institiúidí Pobail ar chomhionannas inscne agus príomhshruthú inscne sna tíortha aontachais agus sna tíortha iarrthacha;*
- *eolas a chur ar fáil ar phríomhshruthú inscne d'eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha;*

Tabharfaidh an ghníomhaíocht sin tacaíocht theicniúil do pháirtithe leasmhara agus comhpháirtithe trí chleachtas éifeachtacha a bhailiú maidir le huirlisí príomhshruthaithe inscne a úsáid, modhanna reatha a chur in oiriúint do riachtanais ar leith, agus modhanna agus cineálacha cur chuige nua príomhshruthaithe a fhorbairt, nuair is gá. Measfar an taithí agus bunús acmhainní gníomhairí eile, cosúil le heagraíochtaí idirnáisiúnta, e.g. Comhairle na hEorpa agus Comhairle Bhardais agus Réigiúin na hEorpa, agus measfar na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla de na Ballstáit agus na tríú tíortha freisin. Baileofar agus próiseálfar modhanna a fhorbraíonn agus a úsáideann mná nó eagraíochtaí brústocaireachta chun ceisteanna inscne ar leith a phríomhshruthú.

Arna n-iarraidh, cabróidh an Institiúid freisin le hUachtaránachtaí ina n-iarrachtaí comhionannas inscne a phríomhshruthú le linn do Straitéis 2020 na hEorpa a chur i bhfeidhm.

Forbrófar foirne uirlisí agus lámhleabhair, seicliostaí agus treoirlínte chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus cuirfear ar fáil iad do na húsáideoirí deiridh. Seans go roghnófar réimsí ar leith a bhfuil gá le níos mó airde.

Maidir le heolas ar na torthaí, na hacmhainní agus na huirlisí forbartha, scaipfear iad (i) go himmheánach chun inniúlacht na foirne a mhúscailt agus chun iad a chur ar a gcumas na huirlisí a úsáid; (ii) ar chomhlachtaí an EIGE chun an cur chuige a chomhdhlúthú; (iii) ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit chun príomhshruthú inscne éifeachtach a chur chun cinn; (iv) ar gach páirtí leasmhar eile chun tacú lena gcuid oibre; agus (v) ar gach úsáideoir eile a bhfuil suim acu i bpríomhshruthú inscne leasaithe, cosúil le tíortha aontachais agus tíortha iarrthacha nó tríú tíortha mar shampla.

*Táscairí aschuir:* fardal de riachtanais agus deacrachtaí maidir le príomhshruthú inscne agus múnlaí rathúla reatha agus modhanna curtha i gcrích faoi lár an tríú ceathrú de 2011; múnlaí is fearr a scaipeadh seolta roimh dheireadh 2011; eolas ar phríomhshruthú curtha i láthair chuig na hUachtaránachtaí faoi lár 2011; bunachar sonraí ar chineálacha cur chuige éagsúla maidir le príomhshruthú forbartha faoi dheireadh 2012; na chéad fhoirne uirlisí agus lámhleabhair ar leith forbartha faoi dheireadh 2012.

### 2.2.3 Dea-chleachtais a thiomsú, a dhoiciméadú agus a scaipeadh

*Aschur den ghníomhaíocht* nó toradh fadtéarmach den réimse gníomhaíochta (tréimhse 2010-2012):  
**Coinníollacha maidir le dea-chleachtais a cruthaíodh a bhailiú agus a roinnt go héifeachtach**

Mar a fhoráiltear sa Rialachán, déanfaidh EIGE an méid seo a leanas:

- *suirbhéanna a dhéanamh ar an staid san Eoraip maidir le comhionannas inscne;*
- *cruinnithe ad hoc de shaineolaithe a eagrú chun tacú le hobair thaighde na hinstitiúide, malartú eolais a spreagadh idir thaighdeoirí agus cuimsiú um peirspictíocht inscne a chur chun cinn ina gcuid taighde;*
- *acmhainní cáipéisíochta a chur ar bun a bheidh ar fáil don phobal;*

Laistigh dá buiséad teoranta, coimisiúnóidh an Institiúid staidéir riachtanacha agus comhoibreoidh sí leis an gCoimisiún agus le comhlachtaí AE i dtaighde inscne.

Bunófar comhar ar ábhair agus eolas ábhartha a scaipeadh leis an bhForas Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, an Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha.

Forbrófar agus bunófar ionad cáipéisíochta maidir le dea-chleachtais i Vilnias, bunachar sonraí agus ionad acmhainní ar líne/leabharlann go sonrach le haghaidh litríocht liath/bróisiúir ar chomhionannas inscne san Institiúid don aidhm sin.

Tá eolas a scaipeadh mar chuid an-tábhachtach den ghníomhaíocht sin. Beidh gá mar sin straitéis a fhorbairt chun na torthaí agus na modhanna sin a forbraíodh do spriocghrúpaí agus úsáideoirí deiridh a chur in iúl agus a scaipeadh. Tá coincheap maidir le haitheasc a thabhairt do chomhaltaí rialtais phoiblí tábhachtach le haghaidh malartú dea-chleachtais rathúil. Mar chuid den straitéis, cuirfidh an t-ionad cáipéisíochta uaireanta oscailte tarraingteacha ar fáil, agus eagrófar imeachtaí, cosúil le seimineáir nó cruinnithe comhchéime, chun rudaí a phlé agus na huirlisí agus na treoirlíne is mó éifeacht a chur chun cinn.

*Táscairí aschuir:* bunachar sonraí ar thaighde ar fáil d'úsáideoirí roimh Mheitheamh 2012; bunófar conarthaí le heagraíochtaí agus ionaid taighde ábhartha roimh dheireadh 2011; ionad acmhainní leictreonach go hiomlán oibríochtúil roimh dheireadh 2011; na chéad réimsí taighde roghnaithe roimh 2011; líon na n-úsáideoirí san ionad cáipéisíochta: 10 in aghaidh na míosa in 2011.

## 2.3 MÓR-RÉIMSE 3: RÉIMSÍ TÉAMACHA NÓ TOSAÍOCHTA

Ó tharla go bhforálann na príomhchonarthaí AE nach mór go gcinnteofar comhionannas idir fir agus mná i ngach réimse, agus go ndéanfaidh an AE a dhícheall neamhionannas a chur ar ceal agus comhionannas a chur chun cinn idir fir agus mná i ngach gníomhaíocht, tá sé tábhachtach don Institiúid réimse a roghnú d'obair chun imscrúdú níos doimhne agus níos casta a dhéanamh.

### 2.3.1 INNÉACS UM CHOMHIONANNAS INSCNE AE

*Aschur den ghníomhaíocht* nó toradh fadtéarmach den réimse gníomhaíochta (tréimhse 2010-2012):  
**Innéacs chun comhionannas idir mná agus fir a mheas sna Ballstáit forbartha**

Is ceist chasta agus ilghnéitheach é comhionannas idir mná agus fir agus níl dul chun cinn éasca a thomhas ná a mheas. Tá éagsúlacht eolais ann faoi bhearnaí inscne reatha agus toil pholaitiúil sna Ballstáit. Mar thoradh ar an nganntanas de shonraí iontaofa, inchomparáideacha agus comhchuibhithe, tá sé níos deacra bearnaí inscne a aithint, agus bearta agus acmhainní a phleanáil chun idirdhealú, eisiamh agus comhchearta do mhná agus d'fhir a cheilt go toiliúil nó go neamh-chomhfhiosach a d'fhéadfadh a bheith ann a chur ar ceal.

Chun an bhéim a athrú ó fhorbairt ghinearálta go comhionannas inscne, ní mór go mbunófaí comhchóras measúnaithe agus scórála na mBallstát, Innéacs um Chomhionannas Inscne AE.

Bainfear úsáid as an innéacs chun méid (neamh-)chomhionannais a aithint i bpointe ama ar leith, cúiseanna (neamh-)chomhionannais a aithint d'fhonn beartais a mholadh chun neamhionannas a laghdú, agus chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchar na mbeartas le himeacht ama.

Le linn 2010, cuirfidh EIGE tús le hobair ullmhúcháin ar an Innéacs nua. Is é an chéad chéim ná na foinsí sonraí reatha agus don todhchaí a mhapáil, an t-innéacs reatha a anailísiú agus a leasú de réir mar is cuí.

Is é an dara céim ná an t-Innéacs AE a chur i gcrích agus eolas a scaipeadh faoi (modhanna, scóir tíortha agus léirmhíniú).

Gné eile riachtanach den obair is ea nuashonrú rialta den innéacs a phleanáil don todhchaí, trí fhoinsí sonraí comhchuibhithe agus/nó bearnaí i staitisticí a aithint.

Cuirfear gach toradh i láthair go rialta agus scaipfear iad ar Bhord Bainistíochta EIGE, a Fhóram Saineolaithe agus gach páirtí leasmhar cosúil le Parlaimint na hEorpa, an Coimisiún agus na Ballstáit.

*Táscairí aschuir:* Creat don Innéacs forbartha faoi dheireadh 2010; modhanna chun foinsí sonraí agus eolas a chomhchuibhiú pléite faoi dheireadh 2011; na chéad torthaí/foilseacháin faoi dheireadh 2011, scaipeadh rialta eolais ag tosú 2012.

## 2.4 MÓR-RÉIMSE 4: FEASACHT A MHÚSCAILT, LÍONRÚ AGUS CUMARSÁID

*Aschur den réimse gníomhaíochta nó toradh fadtéarmach den réimse gníomhaíochta (tréimhse 2010-2012):*

### **Sochaí Eorpach, comhpháirtithe líonra agus spriocghrúpaí roghnaithe ag tacú le agus ag cur comhionannas chun cinn idir mná agus fir**

Is iondúil go ndíríonn feasacht a mhúscailt ní amháin ar éachtaí agus dea-chleachtais a scaipeadh ach freisin ar mheonta sochaíocha a athrú, steiréitíopaí inscne a bhriseadh agus an bhearna inscne a dhéanamh infheicthe. Tá an próiseas sin fada, am-íditheach, agus níos deacra a thomhas. Cruthaíonn difríochtaí cultúrtha, comhthéacsúla agus teanga sna Ballstáit dúshlán sa bhreis.

Is uirlis éifeachtach é líonrú chun feasacht a mhúscailt agus chun idirphlé a threisiú. Cruthaíodh le fada gur straitéis rathúil atá go maith agus éifeachtach é oibriú thar theorainneacha, comhpháirtíochtaí a bhunú do na haidhmeanna céanna agus teacht le chéile i ngníomhaíochtaí brústocaireachta.

Luaitear sa Rialachán go bhfuil na tascanna seo a leanas ag an Institiúid sa réimse seo:

- *eolas a scaipeadh maidir le samplaí dearfacha de ról neamhsteiréitípicíúla do mhná agus d'fhir i ngach cáilíocht saolta, na torthaí a chur i láthair mar aon le tionscnaimh ceaptha chun scéalta rathúla den sórt sin a phoibliú agus chun cur leo;*
- *chun feasacht shaoránaigh an AE a mhúscailt ar chomhionannas inscne, eagrú, le páirtithe leasmhara eile, comhdhálacha, feachtais agus cruinnithe ag leibhéal Eorpach, agus na torthaí agus na conclúidí a chur i láthair ag an gCoimisiún;*

## 2.4.1 BUNEOLAS AR AN INSTITIÚID DO SHAORÁNAIGH AE AGUS SPRIOCGHRÚPAÍ ÉAGSÚLA

*Aschur den ghníomhaíocht* nó toradh fadtéarmach den réimse gníomhaíochta (tréimhse 2010-2012):

### **Feasacht shaoránaigh an AE a bheith ar marthain ar shainordú na hInstitiúide**

#### 2.4.1.1 Straitéis chumarsáide a fhorbairt

Chun cur chuige éifeachtach a phleanáil cuirfidh an Institiúid tús in 2010 le straitéis chumarsáide fhadtéarmach a fhorbairt maidir le feasacht a mhúscailt, líonrú agus gníomhaíochtaí cumarsáide go seachtrach, i leith gach páirtí leasmhar agus úsáideoir, agus go himheánach i leith foirne.

Bunóidh an straitéis líon de ghrúpaí píolótacha agus comhar a phleanáil le páirtithe leasmhara chun eolas a scaipeadh. Beidh caidreamh le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún Eorpach mar phríomhthosaíocht na straitéise.

Forbrófar agus úsáidfear bealaí éagsúla, cosúil le meáin chlosamhairc ar an idirlíon (struchtúir líonraithe shóisialta cosúil le láithreacht YouTube) agus láithreán gréasáin dhinimiciúil a bheidh oscailte agus cairdiúil do shaoránaigh, saineolaithe inscne, mic léinn agus iriseoirí. Beidh ábhar agus pacáistí preasa inúsáidte ar fáil le hathúsáid agus comhdhlúthófar céannacht branda láidir go han-luath ar fad.

Cuirfear tús le comhábhar inmheánach na straitéise a fhorbairt; díreoidh sé ar chúnamh a thabhairt d'fhoireann EIGE i ngníomhaíochtaí pleanáilte a chur i bhfeidhm, na torthaí a aithint a bheidh le scaipeadh, an teachtaireacht a cheapadh agus na cainéil chumarsáide a roghnú.

Don ghníomhaíocht seo tá sé deacair díriú ar tháscairí mar thoradh ar easpa sonraí bunúsacha, agus tá sé an-tábhachtach an t-eolas riachtanach a bhailiú do mhonatóireacht amach anseo.

#### 2.4.1.2 Comórtas Eorpach maidir le lógó EIGE

Chun a chéannacht a bhunú go rathúil mar ionad Eorpach um chomhionannas inscne, déanfaidh EIGE líon de thúsghníomhaíochtaí chun feasacht a mhúscailt. Beidh an Institiúid in ann a cuid oibre a dhéanamh trí chaidreamh fadtéarmach a bhunú lena comhpháirtithe agus leis an bpobal i gcoitinne.

Mar chéad imeacht, tionólfar comórtas sna Ballstáit ar fad chun lógó oifigiúil a roghnú don Institiúid. Ní dhíreofar ar chuideachtaí deartha gairmiúla, ach díreofar ar shaoránaigh Eorpacha in áit, agus ealaíontóirí, mic léinn agus daoine óga go sonrach. Beidh sé oscailte d'aon duine atá faoi spreagadh na gceisteanna um chomhionannas inscne agus ar mhaith leo cur le céannacht EIGE a chruthú. Dírionn an comórtas ar aird a mhéadú ar cheisteanna um chomhionannas inscne idir na hiomaitheoirí agus an pobal i gcoitinne.

Beartaítear tús a chur leis an gcomórtas ag tús 2010 agus deireadh a chur leis in earrach 2010. Tabharfar cuireadh do dhearthóir an lógó bhuitigh freastal ar oscailt oifigiúil EIGE, agus seolfar an lógó lena linn sin.

Déanfaidh an Institiúid a dícheall a bheith i láthair agus a bheith infheicthe ag imeachtaí éagsúla a eagróidh an tAontas Eorpach, na Ballstáit agus eagraíochtaí eile.

*Táscairí aschuir:* Straitéis chumarsáide forbartha faoi dheireadh 2010; líon de chomhimeachtaí idir chomhaltaí an líonra; líon d'fheachtais agus d'imeachtaí rathúla; méadú ar líon úsáideoirí láithreán gréasáin; lógó EIGE forasaithe roimh dheireadh an tríú ceathrú de 2010; preaseisiúintí ar an gcomórtas lógó i ngach Ballstát.

## 2.4.2 EOLAS IONTAOFHA AGUS UILEGHABHÁLACH A FHORBAIRT

*Aschur den ghníomhaíocht* nó toradh fadtéarmach den réimse gníomhaíochta (tréimhse 2010-2012): **Eolas uileghabhálach ar chomhionannas inscne agus ar obair EIGE curtha i láthair do pháirtithe leasmhara agus don phobal**

Láithreán gréasáin na hInstitiúide a fhorbairt

Mar chuid de dhearcadh cumarsáide a bheidh uileghabhálach agus éifeachtach, dearfar bunchreat láithreán gréasáin na hInstitiúide chun freastal ar spéiseanna agus riachtanais grúpaí ar leith; forbrófar láithreacht mheáin ar líne, agus cineálacha fóraim chainte agus plé le húsáideoirí. I gcéim níos deireanaí forbrófar cineálacha cumarsáide níos forbartha cosúil le teachtaireachtaí físeáin agus ábhar d’eagraíochtaí neamhrialtasacha éagsúla agus/nó spriocghrúpaí ar leith, agus seolfar fóraim chun dearcthaí a mhalartú agus idirphlé a dhéanamh ar cheisteanna ar leith. Beartaítear freisin naisc maidir le foinsí féideartha de shaineolas agus taighde ar cheisteanna inscne a chruthú, cosúil le comhlachtaí náisiúnta inniúla agus ionaid taighde sna hollscoileanna. Chun an dearadh a chur in oiriúint agus chun an láithreán gréasáin a dhéanamh éasca le húsáid, baileoidh foireann chumarsáide EIGE aiseolas ó úsáideoirí go rialta agus déanfar suirbhé úsáideora.

*Táscairí aschuir (2010-2012)*; raon de ríomh-nuachtlitir scaipthe faoi 2012; líon comhiomlán d’íoslódálacha bliantúla; líon comhiomlán míosúil de shíntiúsóirí míosúla RSS; líon comhiomlán d’uaslódálacha preaseisiúintí nuachta; líon comhiomlán d’uaslódálacha preaseisiúintí bliantúla um rannóg nuachta; rochtain ar ionad acmhainní ar líne faoi 2011;

## 2.4.3 STEIRÉITÍOPAÍ INSCNE A BHRISEADH

*Aschur den ghníomhaíocht* nó toradh fadtéarmach den réimse gníomhaíochta (tréimhse 2010-2012): **Eorpaigh ag tacú le hathrú i róil inscne agus aitheantais**

### 2.4.3.1 Grúpaí acmhainne a bhunú

Beidh obair sa réimse seo ag dréim le líon de ghrúpaí acmhainne a bhunú chun cur le heolas na hInstitiúide de bhraistintí um chomhionannas inscne.

Beidh monatóireacht meáin de ghiotaí, preaseisiúintí, etc. mar chuid den ghníomhaíocht. Chun aghaidh a thabhairt ar shochoaí, meonta a athrú, steiréitíopaí inscne a bhriseadh agus eiseamláirí a chur chun cinn, cruthófar grúpaí de thógálaithe tuairimí agus polaiteoirí ag a bhfuil tionchar sa tréimhse mheántearma.’

Cruthófar grúpa d’riseoirí agus saineolaithe meáin/cumarsáide chun oibriú go héifeachtach leis na meáin le linn 2010 chun an t-eolas a scaipeadh agus chun tús a chur le díospóireachtaí ar cheisteanna ar leith sna Ballstáit. Buailfidh an grúpa seo de shaineolaithe preasa agus meáin le chéile ar iarratas ó EIGE (in 2010) chun ábharthacht um chomhionannas inscne a phlé sa tsochaí agus sna meáin. Cuirfidh an grúpa comhairle ar fáil ar bhonn taighde ina gcuirfidh an Institiúid leis le gníomhaíochtaí cumarsáide seachtracha agus inmheánacha. Cabhróidh sé le EIGE ina theannta sin agus lena fhoireann cumarsáide chun eolas a scaipeadh agus tús a chur le díospóireachtaí ar cheisteanna roghnaithe sna Ballstáit.

Ag céim níos deireanaí, chun an obair a mhúscailt chun dul i ngleic le steiréitíopaí inscne, cruthóidh EIGE grúpa acmhainne d’fhir a chuirfidh comhionannas idir fir agus mná chun cinn. Forbróidh an grúpa eolas agus ábhair ar an eiseamláir d’athair, oibrí gairmréime neamhthraidisiúnta nó duine a bhriseann na noirm agus na steiréitíopaí agus a bheadh tionchar ar chomhaltaí eile sa tsochaí. Bainfear úsáid as an ábhar a tháirgeann an grúpa le haghaidh feachtais agus imeachtaí EIGE.

Chun íomhá dhearfach de mhná a chur chun cinn, cruthófar grúpa acmhainne eile de cheannairí ban, cosúil le ceannairí AE agus institiúidí náisiúnta nó daoine gairmiúla rathúla agus gníomhaithe deonacha, le linn don Chlár Oibre Meántearma a chur i bhfeidhm. Cuirfear na scéalta agus na próifílí de na ceannairí rathúla i láthair ar ábhair éagsúla agus ar an láithreán gréasáin, agus iarrfar orthu páirt a ghlacadh sna himeachtaí éagsúla.



#### 2.4.3.2 DÍRIÚ ar DHAOINE ÓGA

Cuimseoidh cuid d'obair EIGE gníomhaíocht chun feasacht a mhúscailt ar fud an AE atá dírithe ar líon steiréitíopaí inscne a aithint agus a bhriseadh. De bhrí go bhfuil an tasc casta, go háirithe maidir le difríochtaí cultúrtha, sóisialta agus difríochtaí reiligiúnacha atá san Eoraip, roghnófar spriocghrúpa amháin, eadhon daoine óga, don chéad tréimhse mheántearma. Chun athrú inbhuanaithe a chruthú agus chun na difríochtaí idir thíortha Eorpacha a chur i gcomparáid déanfar tús-staidéar ar na noirm chultúrtha agus sóisialta agus na pátrúin a chinneann róil inscne sa tsochaí, go háirithe an coincheap d'fhir óga agus d'aithreacha óga in 2010. Cuirfidh an staidéar béim ar na héifeachtaí diúltacha de steiréitíopaí inscne i ngach Ballstát den Aontas Eorpach agus molfar, ar bhonn dea-chleachtais curtha in oiriúint don éagsúlacht de gach réaltacht, bearta coincréiteacha oiriúnacha chun na steiréitíopaí sin a bhriseadh. Díreoidh an staidéar ar chúpla tír ar dtús agus leathnóidh sé de réir a chéile ar níos mó Ballstát.

Bunófar grúpa oibre chun cabhrú le monatóireacht a dhéanamh ar an obair agus í a phleanáil le linn earrach na bliana 2010.

Cuirfear tús leis an ngníomhaíocht ar scála beag trí ghrúpa de dhaoine aonair a roghnú, a fheidhmeoidh mar fheidhmeannaigh inscne attachés don todhchaí, in dhá thír píolótacha don tústréimhse tástála. Beidh na rannpháirtithe ag cur leis trí thuairimí a bhailiú ar na noirm agus patrúin sa tsochaí maidir le róil na mban agus na bhfear, trí agallaimh a dhéanamh agus/nó aiseolas cainníochtúil a fháil óna dtimpeallachtaí áitiúla.

Eagrófar cruinnithe aiseolais i lár na bliana do na grúpaí chun na torthaí a chur i gcomparáid. Ag deireadh gach bliana, eagróidh EIGE comhdháil chun na torthaí, na cásanna agus na scéalta a chur i láthair mar aon le moltaí maidir le hathrú a d'fhéadfadh tarlú. Tabharfar cuireadh do dhaoine cáiliúla (lucht múnlaithe tuairimí) agus d'iriseoirí bualadh leis na hionadaithe den ghluín óg agus a ndearcchaí a chur i láthair.

Ar bhonn na dtuairimí agus na dtorthaí tiomsóidh EIGE an t-eolas agus cás-staidéir le cur i láthair i mbróisiúr, ábhair físeáin agus foilseacháin ar líne a dhíríonn ar úsáideoirí óga gréasáin. Bainfear úsáid as an ábhar freisin mar lámhleabhar tagartha le haghaidh oiliúna, i ngach teanga oifigiúil de chuid na mBallstát, curtha in oiriúint d'éagsúlacht spriocghrúpaí, go háirithe daoine óga i dtimpeallachtaí idirchultúrtha.

Leanfar leis an ngníomhaíocht trí líon na mBallstát rannpháirteach a leathnú agus rannpháirtíocht na bhfeidhmeannaigh inscne attachés ó na tíortha píolótacha le haghaidh eolais agus imeachtaí oiliúna.

*Táscairí aschuir* tascfhórsa saineolaí iriseora agus meáin/cumarsáide bunaithe faoi dheireadh an dara ceathrú de 2010; an chéad dá nó trí ghrúpa tagartha ag feidhmiú faoi lár 2012; staidéar ar noirm chultúrtha agus sóisialta agus pátrúin seolta faoin tríú ceathrú de 2010; staidéar ar na Ballstáit a bheidh le teacht déanta faoi dheireadh 2011 agus 2012; na chéad ghrúpaí píolótacha aitheanta faoi dheireadh an tríú ceathrú de 2010; líon de rannpháirtithe méadaithe go 6 thír faoi dheireadh 2012; na chéad fhoilseacháin agus táirgí eile ar na steiréitíopaí faoi dheireadh 2011; 3 chomhdháil; tús le heolas a scaipeadh faoi dheireadh 2011.

## 2.5. MÓR-RÉIMSE 5: IDIRPHLÉ AGUS COMHPHÁIRTÍOCHT

San Eoraip dúbláiltear go leor oibre i réimse um chomhionannas inscne, tugtar neamhaird ar mhórán tionscnamh, ní úsáidtear cineálacha cur chuige nuálacha, ní scaiptear modhanna geallúnacha ná torthaí taighde ná ní thugtar tacaíocht dóibh mar nach bhfuil meicníocht ann chun an t-eolas a chomhordú, a lárú agus a chur i láthair do na páirtithe leasmhara.

Táthar ag súil go mbeadh rannpháirtíocht san Institiúid ó gach páirtí leasmhar agus comhpháirtí féideartha agus go mbunódh an Institiúid clár oibre chun taithí a mhalartú, agus go dtacódh sí le agus iarrachtaí a chur chun cinn chun comhionannas inscne a bhaint amach.

De réir an Rialacháin, déanfaidh an Institiúid an méid seo a leanas:

- *idirphlé agus comhar a fhorbairt le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí comhdheiseanna, ollscoileanna agus saineolaithe, ionaid taighde, comhpháirtithe sóisialta agus comhlachtaí lena mbaineann a lorgaíonn comhionannas a bhaint amach go gníomhach ag leibhéal náisiúnta agus Eorpach agus sna tríú tíortha;*
- *Ar mhaithe le héifeachtúlacht, is cuí don Institiúid Líonra Eorpach leictreonach um Chomhionannas Inscne a bhunú agus a chomhordú le haonáin agus le saineolaithe sna Ballstáit.*

Díreoidh an ghníomhaíocht ar chomhar feidhmiúil a bhunú le páirtithe leasmhara éagsúla ag leibhéal éagsúla.

### 2.5.1 LÍONRA EORPACH UM CHOMHIONANNAS INSCNE A BHUNÚ

*Aschur den ghníomhaíocht* nó toradh fadtéarmach den réimse gníomhaíochta (tréimhse 2010-2012):

#### **Líonra chun inniúlacht agus taithí a roinnt cruthaithe**

Mar a fhoráiltear sa Rialachán, déanfaidh an Institiúid an méid seo a leanas:

- *Líonra Eorpach um Chomhionannas Inscne a bhunú agus a chomhordú, ina mbeidh na hionaid, na comhlachtaí, na heagraíochtaí agus na saineolaithe a dhéileálann le comhionannas inscne agus príomhshruthú inscne chun tacú le taighde agus é a spreagadh, úsáid acmhainní atá ar fáil a bharrfheabhsú agus malartú agus scaipeadh eolais a chothú;*

Áirítear ar na bearta sa réimse seo staidéar féidearthachta a dhéanamh ar chineálacha éifeachtacha líonra leictreonach, ar a mbunófar na modhanna líonra.

Bunófar tascfhórsa ar líonra úsáideach agus éifeachtach faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2011; léireoidh sé na spéiseanna agus an t-eolas de líonraí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha reatha. Cabhróidh an tascfhórsa le EIGE chun na conarthaí agus na cainéil a shainmhíniú chun aghaidh a thabhairt ar na heagraíochtaí agus comhlachtaí ábhartha agus na bealaí chun eolas a bhailiú agus a chomhroinnt. Aithneofar an luach breise de bheith mar chomhalta de líonra den sórt sin, agus ceapfar cineálacha nua úsáide.

Beidh modhanna chun an líonra agus a chomhpháirtithe a úsáid chun eolas úsáideach a scaipeadh go héifeachtach mar chuid den obair.

*Táscairí aschuir:* staidéar féidearthachta a dhéanamh ar chineálacha éifeachtacha líonra leictreonach seolta faoi dheireadh an tríú ceathrú de 2010; an chéad fhardal de chomhaltaí líonra féideartha déanta faoi dheireadh an ceathrú ceathrú de 2010, tascanna agus rialacha oibríochta don líonra curtha i gcrích faoin dara ceathrú de 2011; bunchreat d'uirlisí um theicneolaíocht faisnéise don líonra leictreonach cruthaithe faoin tríú ceathrú de 2010; clár oibre um theicneolaíocht faisnéise don mhalartú feidhmithe faoi dheireadh 2011.

## 2.5.2 PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS COMHPHÁIRTITHE

*Aschur den ghníomhaíocht* nó toradh fadtéarmach den réimse gníomhaíochta (tréimhse 2010-2012):  
**Comhpháirtíocht láidir ar fud na hEorpa bunaithe**

Bunóidh an Institiúid conarthaí lena príomhpháirtithe leasmhara ar mhaithe le hidirphlé agus caidrimh líonraithe amach anseo. Chun eolas a chomhroinnt agus chun comhionannas a chur chun cinn idir mná agus fir go héifeachtach, bunóidh EIGE grúpa oibre roimh dheireadh 2010.

Comhaontófar comhar, comhghníomhaíochtaí féideartha, imeachtaí agus gníomhaíochtaí eile le (i) Parlaimint na hEorpa nua agus a choistí ábhartha, (ii) an Coimisiún Eorpach, go háirithe an máthairstíúrtóireacht, Ard-Stíúrtóireacht na Fostaíochta, na nGnóthaí Sóisialta agus na gComhdheiseanna, (iii) na Ballstáit agus comhlachtaí náisiúnta ábhartha, (iv) ollscoileanna agus ionaid taighde, (v) údaráis réigiúnacha agus áitiúla de chuid na mBallstát agus tríú tíortha, (vi) eagraíochtaí neamhrialtasacha inscne agus ban, (vii) comhpháirtithe sóisialta, (viii) gníomhaireachtaí AE ábhartha, (ix) eagraíochtaí idirnáisiúnta a oibríonn le ceisteanna inscne, (x) gach páirtí leasmhar eile. Cinnfear bealaí maidir le dea-chleachtais a chomhoibriú agus a mhalartú leis na gníomhaireachtaí AE eile freisin.

Forbróidh EIGE nuachtlitir leictreonach agus scaipfear é ar gach páirtí leasmhar agus comhpháirtí chun eolas rialta agus eolas tábhachtach a scaipeadh. Dearfar an nuachtlitir faoi dheireadh 2010 agus foilseofar go rialta é sa tréimhse mheántearma.

*Táscairí aschuir:* grúpa oibre ar chomhar um páirtithe leasmhara bunaithe faoin tríú ceathrú de 2010; seimineáir rialta leis an gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne; Meabhrán Tuisceana nó cineálacha eile comhair le 5 phríomheagraíocht ar a laghad faoi dheireadh 2011; nuachtlitir leictreonach do chomhpháirtithe agus do pháirtithe leasmhara tosaithe in 2010.

## 3 MONATÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ

Tugann monatóireacht eolas ar chéim bheartais nó chlár ag pointe ama (agus le himeacht ama) maidir le spriocanna agus torthaí faoi seach. Is cuid den phróiseas feidhmiúcháin é agus déanfaidh an fhoireann agus na rannpháirtithe é sna gníomhaíochtaí pleanáilte.

Tá dearcadh níos leithne ag baint le measúnú, agus seiceáil á déanamh cibé an bhfuil dul chun cinn déanta i dtreo na sprice nó an toraidh ionchais nó an bhfuil cúis eile leis na hathruithe a léirítear sa chóras monatóireachta.

### 3.1 MONATÓIREACHT AR FHEIDHMIÚCHÁN

Agus é bunaithe ar an gcur chuige Monatóireachta atá Bunaithe ar Thorthaí, baileoidh agus anailiseoidh an Institiúid eolas ar dhul chun cinn maidir leis an gClár Oibre a chur i bhfeidhm agus cuirfidh sí torthaí iarbhir i gcomparáid maidir le leibhéal aschuir agus torthaí i dtreo na dtorthaí agus na spriocanna ionchais chun dul chun cinn a thomhas. Chuige sin beidh gá le sonraí bunúsacha agus eolas a bhailiú ó thús obair na hInstitiúide. Forbrófar táscairí agus spriocanna chun tásca den mhéid de dhul chun cinn a rinneadh agus d'aidhmeanna a baineadh amach, agus dul chun cinn in úsáid chistí a chionroinnfear a chur ar fáil don bhainistíocht agus na príomhpháirtithe leasmhara. Mar a luaitear sa Chlár Oibre, maidir le roinnt réimsí, cosúil le feasacht a mhúscailt agus cumarsáid, beidh gá le sraith mhaith de sonraí bunúsacha chun monatóireacht a dhéanamh ar athruithe ionchais.

Úsáidfear monatóireacht chun seiceáil an mbeidh na hacmhainní atá ar fáil do na gníomhaíochtaí ina gcúis le haschuir agus torthaí ionchais, chun táscairí feidhmiúcháin a chur in oiriúint agus aon deacrachtaí nó fadhbanna a thuairisciú.

Forbróidh gach foireann córas Monatóireachta atá Bunaithe ar Thorthaí agus comhdhlúthóidh an dá aonad é i bplean amháin le húsáid do na Caighdeáin Rialaithe Inmheánacha.

Déanfar monatóireacht ar aiseolas ó úsáideoir agus ó pháirtí leasmhar chun ábharthacht ghníomhaíochtaí agus bhearta na hInstitiúide a sheiceáil maidir le spriocghrúpaí nó grúpaí rialaithe roghnaithe.

### 3.2 Tuarascáil bhliantúil

Faoi dheireadh gach bliana, ullmhóidh EIGE tuarascáil bhliantúil chun na torthaí láithreacha (leibhéal aschuir) a baineadh amach i rith na bliana a chur i láthair. Measfar na torthaí i gcoinne aschuir agus torthaí ionchais agus tomhaisfear iad le cúnamh táscairí sainmhínithe. Cuirfear an tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta le faomhadh sula gcuirfear i láthair do na húdaráis ábhartha í.

### 3.3 Measúnú

Is éard is measúnú atá bunaithe ar thorthaí ann ná measúnú ar ghníomhaíocht phleanáilte, leanúnach nó chríochnaithe chun a ábharthacht, a éifeachtúlacht, a éifeachtacht, a éifeacht agus a inbhuanaitheacht a chinneadh. Déanann measúnú anailís ar an gcúis gur baineadh amach nó nár baineadh amach torthaí ionchais, scrúdú ar phróisis fheidhmiúcháin, iniúchadh ar thorthaí neamhbheartaithe, ceachtanna a chur ar fáil, béim a leagan ar éachtaí a baineadh amach agus moltaí a thabhairt ar leasuithe.

De réir an Rialacháin:

*Faoin 18 Eanáir 2010, déanfaidh an Institiúid coimisiún ar luacháil sheachtrach neamhspleách dá éachtaí ar bhonn théarmaí tagartha arna n-eisiúint ag an mBord Bainistíochta le comhaontú an Choimisiúin. Déanfaidh an luacháil measúnú ar thionchar na hInstitiúide maidir le comhionannas inscne a chur chun cinn agus áireofar anailís ar éifeachtaí sineirgí. Tabharfaidh sé aghaidh, go háirithe, ar riachtanas féideartha chun tascanna na hInstitiúide a leasú nó a leathnú, lena n-áirítear na himpleachtaí airgeadais de leasú nó leathnú tascanna den sórt sin. Scrúdóidh luacháil den sórt sin iomchuibheas an struchtúir bhainistíochta chun tascanna na hInstitiúide a dhéanamh. Beidh dearcthaí na bpáirtithe leasmhara curtha san áireamh sa luacháil, ag leibhéal Pobail agus náisiúnta araon.*

Agus an mhoill ar oibríochtaí a thosú agus easpa eolais bhunúsaigh chun bunús a thabhairt leis na táscairí agus na spriocanna curtha san áireamh, beartaíodh luacháil ex-ante a choimisiúnú faoi dheireadh an dara ceathrú de 2010 agus luacháil eatramhach in 2012.